# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

Dé hAoine, 22 Meitheamh, MAIDIN 9.30 – 12.00

Freagair **ROINN A agus ROINN B de Cheist 1** agus **trí** cheist eile.

THALL→


**1.** **(65 marc)**

**ROINN A - 30 marc**


Freagair **sé cinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**:

**(a)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a ghlacadh agus meaisín druileála piléir á úsáid.


**(b)** Ainmnigh an chomhpháirt leictreonach a seasann an tsiombail a thaispeántar di.



**(c)** Mínigh an téarma *cnó féinghlasála*.



**(d)** Luaigh an cuspóir atá ag *cóimhiotal.*




**(e)** Mínigh an téarma *siúnta sealadach.*

**(f)** Ainmnigh snáithchruth oiriúnach don seac cairr a thaispeántar.

**(g)** Ainmnigh gléas crua-earraí ríomhaireachta **amháin** agus luaigh cé acu gléas ionchuir nó gléas aschuir atá ann.

**(h)** Sainaithin an córas giaranna a thaispeántar agus luaigh úsáid oiriúnach dó.



**ROINN B - 35 marc**

Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar fheidhm agus ar oibriúchán **ceann amháin** díobh seo a leanas:

Pláta dromchla, Cúlstoc, Stialltéitheoir.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo:


Bog-earraí, Maide cuimhne, CDRW, Insamhladh ar ríomhaire.

**(k)** Sainmhínigh seoltacht maidir le hairíonna miotal agus luaigh sampla **amháin** de dhea-sheoltóir.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí:

Garda crágáin, Greanadh, Tomhsaire doimhneachta, Bís Láimhe.


**(m)** Sainaithin an mheicníocht a thaispeántar agus déan cur síos ar an gcaoi a n-oibríonn sí.




**2.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na foirnéisí a thaispeántar agus sonraigh an miotal a tháirgtear iontu.


**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(b)** Luaigh na hábhair a úsáidtear chun **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas a mhonarú:

**(i)** Cannaí do dheochanna boga, **(ii)** Líomháin láimhe, **(iii)** Sreang leictreach, **(iv)** Fleascadh dín.

**(c)** Ainmnigh na miotail a úsáidtear chun **dhá cheann ar bith** de na cóimhiotail seo a leanas a tháirgeadh:

**(i)** Prás, **(ii)** Sádar bog, **(iii)** Cré-umha.


**(d)** Mínigh an téarma *miotal neamhfheiriúil.*

**3.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh **ceann amháin** de na próisis chóireála teasa seo a leanas:

**(i)** Ainéaladh, **(ii)** Screamhchruachan.

**(b)** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar bior an scríobaire thíos a chruachan agus a fhaghairt.




**(c)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na hairíonna miotail seo a leanas:

**(i)** Brisce, **(ii)** Insínteacht, **(iii)** Intuargainteacht.

**(d)** Luaigh **dhá cheann ar bith** de na héadaí cosanta is cóir a chaitheamh agus miotail á gcóireáil le teas.

**NÓ**


**(d)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na páirteanna A, B agus C a thaispeántar ar an sorcóir neomatach.



**4.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh an **dá** ghás is mó a úsáidtear agus gástáthú á dhéanamh.

**(ii)** Déan cur síos, le cúnamh ó léaráid oiriúnach, ar **cheann amháin** de na lasracha a tháirgtear agus gástáthú ar siúl.



**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas maidir le táthú:

**(i)** Ocsaídí, **(ii)** Coscaire cúlsplaince, **(iii)** Brúthomhsaire, **(iv)** Tóirse táthúcháin.

**(c)** Luaigh modh oiriúnach chun siúnta buan a dhéanamh, **i ngach ceann** de na hábhair seo a leanas:

**(i)** Pláta bogchruach tiubh;

**(ii)** Bileog aicrileach;


**(iii)** Bileog chopair thanaí.

**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a ghlacadh agus comhpháirteanna leictreonacha á sádráil.

**5.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh na **trí** phróiseas i monarú plaisteach a thaispeántar thíos:

**(i)** **(ii)** **(iii)**



**(b)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na próisis i monarú plaisteach a thaispeántar in **(a)** agus ainmnigh comhpháirt **amháin** a tháirgtear.


**(c)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas a úsáidtear i dteicneolaíocht phlaisteach:

**(i)** Plaisteach teirmithéachtach, **(ii)** Lannú, **(iii)** Teirmeaplaisteach.

**(d)** Ainmnigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a ghlacadh agus umar dipeála brataithe plaisteach á úsáid.

**6.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na hoibríochtaí casta deile a thaispeántar thíos.




**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le druileáil:

**(i)** Poll píolótach, **(ii)** Poll leacaire, **(iii)** Poll scóipe, **(iv)** Poll caoch.

**(c)** Sceitseáil uirlis ghearrtha deile agus taispeáin **dhá cheann ar bith** de na huillinneacha seo a leanas:

**(i)** Barrsciotadh, **(ii)** Scóip thosaigh, **(iii)** Taobhscóip.

**NÓ**

**(c)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí teicneolaíocht innealtóireachta seo a leanas:

**(i)** CAM, **(ii)** CNC, **(iii)** CAD.

**7.** **(45 marc)**

**(a)** I dtaca le teorainneacha agus oiriúintí de, mínigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Bacoiriúint, **(ii)** Glanoiriúint, **(iii)** Lamháltas.


**(b)** Déantar poll agus seafta de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh **(i)** trastomhas ainmniúil an phoill;


**(ii)** trastomhas ainmniúil an tseafta;

**(iii)** íos-trastomhas an phoill;

**(iv)** uas-trastomhas an tseafta.





**(c)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na tomhsairí a thaispeántar agus luaigh feidhm a bhaintear astu.




**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na siombailí leictreonacha a thaispeántar.



# LEATHANACH BÁN